

AMADÁN

Bíobla Carachtar



ZONER
VISION

AMADÁN

Féach ar an bhfíseán samplach anseo:
www.zonervision.com/amadan

Tuin: Manglam Father Ted agus South Park.

Príomhcharachtair: Toradh dhíoltóirí Lacey agus Seán Patrick, a gcustaiméir laethúil Josie.

Gear Achoimre: I veain cois bhóithre tuaithe in Éirinn, buaileann toradh dhíoltóir uailmhianach agus a chomh-oibrí ró-mhacánta le deacrachtaí agus iad ag déanamh iarrachta cuma ionracais a choimeád suas - go h-áirithe tar éis teachta custaiméara cúlchaintigh.

Cuntas: Is é Amadán an fhrithnimh fhoirfe don iomaí cláir bia ceardaí béalchráifeacha. Tosnaíonn gach aon eipeasóid leis an mbeirt thoradh dhíoltóir sa veain ag caint leis an gceamara díreach, ag iarraidh a thorthaí a dhíoladh le h-oráid mhargaíochta dhea-chleachta. Roimh fhada, bristear an bréag ionracais seo nuair a thagann Josie - a gcustaiméir diabhalta. Tosnaíonn sí ag scaoileadh cúlchainte doimhne an tsráidbhaile, Ballylanger. Píosa le píosa, tagann an fhírinne ghránna amach, ag plé le toradh dhíoltóir amháin nó leis an mbeirt acu de ghnáth, agus ag cur a bpleananna measúlachta i bhfíorbhaol.

Croí mothúchánach: Tugann gaol athairiúil le Seán Patrick Lacey agus an nasc domhain idir Sheán Patrick agus a bhean chéile mharbh croí bogthe don chlár, agus téid i gcodarsnacht leis na scéalta drabhláis.

Stíl: Tugann an stíl léaráide gearrthóige, an beochan furasta agus an úsáid de phrapaí fótagrafacha atmaisféar tí-dhéanta don chlár, ag neartú an téama ionracais. Téann sé seo i ndeachodarsnacht leis an dearadh carachtar gránna.

SONRAÍOCHTAÍ

Taispeáin ainm: Amadán

Téama: Ionracais

Seánra: Greann

Catagóir: Beochan grinn suite do dhaoine fásta

Lucht Féachana:

Fireann agus baineann 18-40 bliain d'aois

Formáid: 1 Séasúr x 5 Eipeasóid

Cuideachta: ZonerVision

Teangmháil: Garrett Lynam

Fón: 086 174 3549

Ríomhphost: contact.zonervision@gmail.com



LACEY


Is toradhdhíoltóir meánaosta cantalach tuaithe é Lacey, atá ag mangaireacht i veain lena chomh-oibrí is chara dílis Seán Patrick. Oibríonn sé don comhlacht úrthorthaí Ballylanger, a fhaigheann a ainm ón sráidbhaile gleoite ina bhfuil Lacey ina chónaí. Caitheann sé na laethanta sa veain cois bhoithre tuaithe in Éirinn, ag mangaireacht a tháirge mhaoinigh.

Aidhm: Bíonn Lacey ag déanamh a dhíchill cuma ionracais a choimeád suas. Creideann sé go gcabhródh sé leis an mangaireacht torthaí, agus mar sin tá sé meáite ara eachtraí amhrasacha a cheilt.


Bac: Téann Lacey ar seachrán go minic toisc go gá dó cabhrú le cuma mhaith Sheáin Patrick a choimeád suas. De dheasca ionracais Sheáin Patrick, áfach, baineann a lán deacrachtaí le seo. Chomh maith le sin, bíonn Josie, a gcustaiméir, ina bac go minic de dheasca a cúlchainte síoraí.

Diomar: Níl a lán foighne ag Lacey, agus éiríonn sé corbach go minic agus é ag lorg díolachán.

Neart: Is féidir le Lacey an jab a dhéanamh, is cuma an stró.



SEÁN PATRICK



Is é comh-oibrí aosta soghonta Lacey é Seán Patrick. Fuair a thaisce mhná céile Margaret bás le déanaí, agus tá sé fós ag machtnamh ara ngaol neamhchoitianta.

Aidhm: Bhí bean chéile Sheáin Patrick drochídeach dó, go fisiciúil is go síceolaíoch, toisc nár bhuaill sé lena caighdeán ard go minic. Tá a lán easpaí muiníne aige dá deasca, agus tá fonn air iad a réiteach. Is é an féinfhollasú a chuardach croí - an fear céile gan mhaith é i ndáiríre, nó an fear cumasach coitianta é?

Bac: Tá Seán Patrick lag sa chorp, agus is é a namhaid féinig é go minic. Níl a lán nirt mheabhrach aige ach an oiread, tar éis cruálachta fada a mhná céile. Cuireann sé eisean féinig glan as a mheabhair leis a fhéincháineadh.

Diomar: Níl a lán muinín ag Seán Patrick, agus bíonn sé ag brath ar ordaithe dhaoine eile. Dá ndeasca, suíonn daoine ina bhun go minic.

Neart: Tá an t-ionracas an-thábhachtach do Sheáin Patrick, agus is é cuardach na fírinne a phríomhspreagadh.

JOSIE

Is bean óg amaideach í Josie. Tá sí ina cónaí sa sráidbhaile, agus bíonn sí ag lorg grinn. Is í custaiméir na veain is minicí í, agus léi a thagann a lán cúlchainte nach bhfuiltear a iarraidh. I gcónaí ag caitheamh gúna bláthach, cé nach bhfuil a lán intleachta is mealltachta aici, tá a lán nirt inti. Tá bá ar leith aici le Seán Patrick, nó seans go taitin léi an slí ina n-eiríonn sé náirithe agus í ag cliúsaíocht leis.

Aidhm: Tá Josie i gcónaí ag lorg grinn. Baineann sí a lán taitneamh as an neamhchompord a chruthann sí as a cúlchaint ghránna.

Bac: Tá pearsantacht míchuibheasach ag Josie, agus cuireann a fonn pleidhcíochta ar threonna contúirteacha í.

Diomar: Is cuma le Josie tuairimí daoine eile. As sin, is minic go mbíonn sí i suíomhanna suaracha. Tá sí teasaí chomh maith - dá mbeadh smaoineamh aici go raibh bob uirthi, tógfadh sí a scian amach go gasta.

Neart: Tugann easpa baic Josie laige agus neart di - ní choinníonn rialacha na sochaí siar í, agus deineann sí mar is mian léi.



MUINTIR AN TSRÁIDBHAILE

Is foinse dhomhain carachtar neamhchoitianta é Ballylanger, agus is féidir trasghearradh maith Éireann a fheiscint ann. Chomh maith leis na príomhcharachtair, bíonn stró ag muintir an tsráidbhaile fírinne ghránna an tsaoil a cheilt.

Aidhm: Tá an chuma shofheicthe an-thábhachtach do mhuintir an tsráidbhaile. Is gá ardmhoráltacht, cultúr na hÉireann agus spiorad pobail a choimeád suas an t-am ar fad.

Bac: Is í moráltacht amhrasach na muintire an príomhbhac ina gcuardach ionracais.

Diomar: Deineann an mhuintir go léir iarracht a stádas soisialta a éirí, ach geillid do bhealaí níos éasca chun an aidhm seo a bhaint amach. Leanann sé seo go gníomhaíocht amhrasach is mhídhleathach go minic.

Neart: The villagers, although seemingly simple minded folk are capable of using highly imaginative methods to achieve their goals. Cé go bhfuil cuma amaideach orthu, tá muintir an tsráidbhaile in ann slite an-chruthaitheacha a chumadh chun a n-aidhmeanna a bhaint amach.



LOCANNA

Tarlaíonn an cuid is mó den chlár timpeall veain thrírothach na toradhdhíoltóirí, lochta ar ghruaimhín ar bhóthar tuaithe tréigthe. Seasann an beirt chomh-oibrí ag cúl na veain taobh thiar dena mboscaí táirge. Táid frámáilte go deas ag cuailí a bhfógraíochta agus na torthaí fúthu. Tugann an suíomh seo atmaisféar stáitsiúil don chlár - is í Josie an lucht féachana agus na toradhdhíoltóirí féinig na cainteoirí, ag moladh tuaithe na hÉireann. Cuireann an áilleacht tharstu íoróin lúbtha leis an bhfírinne ghránna a thagann amach sa deireadh.

Timpeallacht: Tugann an easpa tráchta agus custaiméirí atmaisféar neamhdhóchasach don chlár, ag cur spreagadh leis na comh-oibríthe agus a scéimeanna brabúsacha. Tá an loc álainn i gcodarsnacht ghéar leis an ngníomhaíocht ghránna leis a mbíd ag plé.

Sráidbhaile: Tá gach aon loc sráidbhaile Éireannaigh leamh le fáil i mBallylanger. Is iad na h-áiteanna aitheanta seo, mar shampla an siopa crua-earraí bróduil as stoc iomlán agus an stáisiún-peitрил-slais-ollmhargadh-slais-bialann, an cúlra foirfe don chlár, ag tabhairt pointí tagartha don ghníomhaíocht amhrasach.

Íomhanna: Baintear úsáid as íomhánna tuaithe Éireann gleoite i rith an chláir, agus téid go deas le príomhthéama an ionracais. Baintear úsáid as prapaí nua-aoiseacha mar drónaí agus boid bréige bataire chun an chodarsnacht seo a neartú. Is rogha siombalach é seo, comhartha aitheantais don chogadh idir chuma mhacánta a choimeád suas in aghaidh na gníomhaíochta amhrasaí ag plé faoi rún.



SCOTH SA CHÉAD ÁIT

Téama na h-eipeasóide: Céad scoth

Gearr achoimre na h-eipeasóide: Deineann Lacey iarracht scéal a choimeád ó Sheán Patrick - scéal faoi fhíor-eachtraí na h-oíche a chuardar go dtí'n baile mór chun misneach a ghlacadh tar éis tórraimh mná céile Sheáin Patrick.

Achoimre: Tá Seán Patrick trína chéile nuair a thugann sé faoi deara cúpla flioscá gorm faoina chuid ingne, agus é gan eolas ar bith dá mbunús. Sroicheann Josie an veain agus tosnaíonn sí ag magadh Lacey le cúlchaint ghránna den oíche a thóg sé amach Seán Patrick tar éis báis a mhná céile.

Tagann deora i súile Sheáin Patrick agus é ag cuimhniú ar a bhean chéile is na nithe a bhíodh á ndéanamh acu - ciorlomadh Bráiséalach ina measc. Insíonn sé nach raibh sé in ann ciorlomadh a dhéanamh ó lá bháis a mhná, toisc go bhfuil eagla air nach mbeidh sé chomh cumasach léi.

Píosa le píosa, tagann sonraí suaracha faoin oíche sin amach. Éiríonn Josie ró-thógtha le 20 bhosca papá atá ar shladmhargadh agus ceannaíonn sí an t-iomlán. Níos déanaí, áfach, buaileann sí le deacrachtaí agus í á n-iompar abhaile.

Tagann uafás ar Sheán Patrick nuair a fhaigheann sé amach gur thug Lacey drugaí dó chun an oíche a dhéanamh níos éasca. Cloiseann sé gur thit sé sa deireadh i mbara, brata le péint ghorm, sa siopa crua-earraí. Ansin, áfach, tá áthas an domhain air nuair a chloiseann sé gur éirigh leis ciorlomadh Bráiséalach a thabhairt dó féinig le bearthóir ingne a robáil sé ón slua roimhe. Tá áthas ar Josie freisin nuair a bhaineann sí úsáid as an mbara céanna chun a 20 bhosca papá a thabhairt abhaile.



TORADH FOIRFE

Téama na h-eipeasóide: Foirfeacht

Gearr achoimre na h-eipeasóide: Cuireann Josie geall le mangaire drugaí an tsráidbhaile go mbuafadh sí comórtas áilleachta. Ansin, deineann na toradhdhíoltoirí a míle dícheall bheith an duine is áille - is cuma céard a tharlódh.

Achoimre: Chuir Josie geall le Shay Skunky O'Brien, an mangaire drugaí áitiúil, go mbuafadh sí comórtas áilleachta agus tá sí tar éis bosca lán le snáthaidí Botox a robáil uaidh chun cabhrú léi. Tá súil aici meas inimircigh Shádaigh atá ag obair san ionad garraí a bhua, toisc go mian leis 'cailíní foirfe 10'.

Tá Seán Patrick ag dul lena n-ia chun roinn linbh an chomórtas agus chun í a choimeád ó lámha cáirdiúla an tsagairt. Tá easpa muiníne air faoina chuma féinig toisc go mbeidh ceamaraí teilifíse ann agus tá a chulaith i ndrochríocht. Tá sé ag tabhairt aire do bhábóg a nia go dtí go dtiocfaigh sí ar ais, ach cuireann cuma aisteach na bábóige cuimhní trámacha a mhná mairbhe i gcuimhne dó. Insíonn sé go magaiódh sí an pus ait a bhíodh air agus é ag déanamh casachta. Réabann sé ar mire an bhábóg, ach tagann aiféala air ar an nóimint - is gá dó ceann eile a fháil go gasta.

Tá Lacey ag an gcomórtas chomh maith, toisc go bhfuil sé ag dul amach le h-iomaitheoir. Nuair a chloiseann sé go bhfuil pearsantacht fhir an rud is tábhachtaí di, tagann néal air faoina chuma, agus robálann sé bosca Botox Josie chun ceann a úsáid air féin. Tá Josie ar mire ach tá scéim ag Lacey dul sa chúlstáitse laistigh de bhábóg ghnéis a bhfuil Seán Patrick chun thabhairt dona nia in ionad na bábóige a réab sé. Agus Lacey cúlstáitse, róbálann sé bosca úr Botox Skunky, a bhfuil á mangaireacht do na h-iomaitheoirí.



AISTE BIA LAOCHRA

Téama na h-eipeasóide: Laochra

Gearr achoimre na h-eipeasóide: Tagann cliú agus cáil ar fhear áitiúil agus muc ghuine tarrtháilte aige. As sin, tagann fonn ar an triúr dul ina laochra féinig. Roimh fhada, áfach, faighid amach go bhfuil sé i bhfad níos contúirtí nár a cheapadar - dóibh féinig is do chách.

Achoimre: Tá Josie ag dul go searmanas bronnta i gcearnóg an bhaile - tharrtháil fear áitiúil muc ghuine ón mbás. Is féidir leis an laoch seo deochanna saor in aisce a fháil sa teach tabhairne, agus tagann scéim chun Josie cúpla aiscíní a fháil di féinig.

Tá eagla ar Sheán Patrick nach bhfuil an neart aige bheith ina laoch féinig, de dheasca focal géar óna bhean chéile mharbh a bhfuil fós i gcuimhne dó. Tosnaíonn Lacey ag lorg slí muinín a thabhairt ar ais dona chara toisc go bhfuil sé ag gortú na ndíolachán, agus faigheann sé cóitseálaí chun cabhrú leis. Nuair a bhuaileann an cóitseálaí iarrphriosúnaigh de chuma cruá le Seán Patrick, áfach, titeann sé asa chéile de dheasca mothúchán sobhriste Sheáin Patrick.

Briseann an triúr isteach in ionad meabhairghalair chun cabhair saor in aisce a fháil do Sheán Patrick, ach éiríonn sé gafa le drugaí. Robálann Josie culaith banaltra le h-aghaidh í a chaitheamh roimh an laoch áitiúil chun cúpla beora saor in aisce a fháil. Socraíonn Lacey timpistí a chruthú sa chaoi is go mbeadh sé in ann daoine a tharrtháil. Téann an plean seo amú. Níl sé in ann coinneáil siúil le bus daltaí de dheasca an méid feistis tarrthála aige ar a rothar. Faigheann na daltaí bás agus an bus imithe isteach san fharraige.



TÉIGH ISTEACH I GCULTAS SLÁINTE


Téama na h-eipeasóide: Spioradáltacht

Gearr achoimre na h-eipeasóide: Agus custaiméirí cailte ag Lacey do chultas in aghaidh torthaí, deineann sé iarracht áitiú ar Sheán Patrick reiligiún nua a bhunadh leis. Tá sé níos casta nár a thuigeadar ar dtús, faraor.

Achoimre: Tagann grúpa agóideoirí ó chultas áitiúil in aghaidh torthaí timpeall ar Lacey agus Shéan Patrick ag an veain. Bhunaigh mangaire drugaí an tsráidbhaile Shay Skunky O'Brien an cultas tar éis dó tobstaonadh a dhéanamh. Tagann fearg ar Lacey nuair a thugann sé faoi deara go bhfuil a dhíolacháin ag fulaingt.

Cuireann an suíomh cuimhní dona i gcuimhne do Sheán Patrick, den thréimhse a chuaigh a bhean chéile isteach i gcultas. Díbirtíodh sí go minic as an leaba é chun gnéas a bheith aici le ceannaire an chultais. Cheap sí go raibh Seán Patrick ró-neamhghlan chun bheith ina bhall, agus bhí stró aige lena spiorádálacht ó sin amach. Tá an cultas nua ag cur isteach ar Josie freisin, toisc nach bhfuil sí in ann a steall drugaí a fháil ó Skunky níos mó.

Faigheann Seán Patrick gotach aisteach ar Fiverr.com chun bíobla nua a scríobh dóibh. Tagann imní air agus é ag léamh faoi íobairt fhola sa chéad dréacht agus tá eagla air go bhfuil deamhan gairthe acu tar éis é a léamh os ard. Téann Lacey ag lorg a scríbhneora féinig agus titeann sé isteach le club liathróide aclaíochta a bhfuil a ndeasghnátha féinig acu. Éiríonn le Josie Skunky a dheánamh gafa le drugaí aríst, agus éiríonn sé as a cheannaire. Ag an am céanna, ní insíonn sí an nuacht don chultas go léir, agus baineann sí taitneamh as féachaint orthu agus iad ag cur Lacey i rópaí agus ag déanamh deasghnátha uafásaigh orthu.



AN PLEAN DÍTHOCS

Téama na h-eipeasóide: Uchtú

Gearr achoimre na h-eipeasóide: Tá Josie curtha amach as a h-árasán de dheasca a drochiompair. Uchtaíonn Seán Patrick go sealadach í, ach baineann deacrachtaí lena h-athshlánú.

Achoimre: Sroicheann Josie an veain agus tá drochchuma uirthi. Tugann Lacey luichín ina h-éadaí faoi deara agus ceapann sé go mícheart go bhfuil sé uchtaithe aici. Insíonn Josie go raibh sí curtha amach as a tigh ag an tiarna talún a raibh dubh dóite dena drochiompar. Ní bheidh cead aici teacht ar ais go dtí go bhfuil sí athshlánaithe, agus tá sí ag codladh amuigh i scioból anois.

Insíonn Seán Patrick di go n-uchtóidh sé go sealadach í, agus go mbeadh lóistín aici ina thigh féinig. Bhí easpa muinín ina chumas aire aige toisc nár thug a bhean chéile mharbh cead dó aire a thabhairt dona leanbh uchtaithe. Ofrálann sé cabhair do Josie chun teacht ina duine daingean ionas go mbeadh sí in ann dul ar ais go dtí a tigh féinig, agus go mbeadh eolas aige féinig go raibh cumas aire aige i ndáiríre. Ceapann Lacey go ndeinfeadh an scéal dea-thoil seo maith dona ndíolacháin laga.

Measann Lacey gurbh acmhainn iontach iad grianghraif 'roimh ré' is 'sa deireadh'. Le modhanna aisteach is níos aistí aríst, éiríonn le Seán Patrick Josie a thabhairt ina h-aingeal naofa. Tá Lacey sona sásta leis an ngrianghraf 'sa deireadh', ach cruthann sé scéim uafásach chun drochchuma a chur ar Josie chun grianghraf 'roimh ré' ghránna a fháil.



ZONER VISION

**Féach ar an bhfíseán samplach anseo:
www.zonervision.com/amadan**

Comhlacht: ZonerVision

Fón: 086 174 3549

Teangmháil: contact.zonervision@gmail.com

Seoladh: 6 Seachnall Abbey, Dunshaughlin, Meath A85 X712

Suíomh an Chomhlachta: www.zonervision.com

Seóspól an Chomhlachta: www.zonervision.com/promo

Is foireann fear agus bean chéile iad Garrett agus Geraldine Lynam. Táid i mbun ZonerVision ó 2011, ag cruthú fógraí den chéad scoth ar son comhlachtaí mar Gourmet Food Parlour, Irish Chauffeurs agus an CLG. Faoi láthair, tá Feck Ireland léirithe acu - clár sceitse grinn fíor-ghreannmhar le snáitheanna scéil tráthúla do dhaoine fásta, a bhaineann úsáid as beochan agus craoladh beo. Taispeánann gach aon sceitse sochaí steiréiticipiciúil na hÉireann, agus aghaidheanna cáiliúla ag streachailt le fadhbanna tráthúla ón nuacht is ó chultúr na ndaoine. Is féidir féachaint ar na sceitsí anseo:

www.feckireland.com

Chomh maith le sin, is maisitheoir le gradam é Garrett, a bhuaigh le déanaí Book of Kells Art Competition. Bhí a dhealbh allamuigh roghnaithe don fheactas Recycling-On-The-Go leis an gcarthanas Hubbub agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus beidh sé suiteáilte i lár cathrach Baile Átha Cliath go luath. Is féidir féachaint ara portfóilió ar líne anseo:

www.garrettlynam.com





ZONER VISION

www.zonervision.com